Uimhir 22 *de* 2002

An tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

Uimhir 22 *de* 2002

AN tACHT UM OMBUDSMAN DO LEANAÍ, 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Caiteachais.

CUID 2

OMBUDSMAN DO LEANAÍ

CAIBIDIL 1

Ceapadh, téarmaí agus coinníollacha oifige

4. Ceapadh agus téarma oifige.
5. Tuarastal, liúntais i leith caiteachas agus aoisliúntas.

CAIBIDIL 2

Feidhmeanna a chomhlíonadh

6. Feidhmeanna a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 3

Cearta agus leas leanaí

7. Feidhm chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn.

CAIBIDIL 4

Gearáin in aghaidh comhlachtaí poiblí, scoileanna agus ospidéil shaorálacha

8. Feidhm chun scrúdú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh comhlachtaí poiblí.
9. Feidhm chun scrúdú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh scoileanna agus ospidéil shaorálacha.

10. Réamhscrúdú agus réamh-imscrúdú na ngearán.

11. Eisiamh.

12. Leasú ar alt 5 d'Acht 1980.

CAIBIDIL 5

Scrúdú agus imscrúdú na ngearán

13. Tuarascálacha, etc.

14. Cumhachtaí i leith réamhscrúduithe agus réamh-imscrúduithe.

15. Imscrúduithe a sheoladh.

16. Eolas a bheith faoi rún.

CAIBIDIL 6

Ilghnéitheach

17. Cuntais agus iniúchtaí.

18. Freastal os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.

19. Freastal os comhair coistí eile de Thithe an Oireachtais.

20. Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

21. Foireann.

SCEIDEAL 1

COMHLACHTAÍ POIBLÍ ATÁ FAOI RÉIR A NIMSCRÚDAITHE

CUID 1

CUID 2

SCEIDEAL 2

OSPIDÉIL SHAORÁLACHA

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998	
Children Act, 1908	1908, c. 67
Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 45
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996	
Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
Na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1994	
Na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 1999	
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	1961, Uimh. 39
Na hAchtanna Cosanta, 1954 go 1998	
An tAcht Oideachais, 1998	1998, Uimh. 51
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
Acht an Gharda Síochána (Gearáin), 1986	1986, Uimh. 29
Na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997	
An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1
Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 1996	
An tAcht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir), 1999	1999, Uimh.13
Na Achtanna Cánach Ioncaim	
An tAcht Léiriúcháin, 1937	1937, Uimh. 38
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht Ombudsman, 1980	1980, Uimh. 26
Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh	

Uimhir 22 *de* 2002

AN tACHT UM OMBUDSMAN DO LEANAÍ, 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH CEAPADH AGUS FEIDHMEANNA OMBUDSMAN DO LEANAÍ, AGUS CHUN CRÍOCHA A BHAINEANN LEIS SIN

[1 *Bealtaine* 2002]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i gníomh cibé lá nó laethanta, nach déanaí ná 2 bhliain tar éis an tAcht seo a rith, a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn "Acht 1980" an tAcht Ombudsman, 1980;

ciallaíonn "Acht 1998" an tAcht Oideachais, 1998;

ciallaíonn "Acht 1999" an tAcht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir), 1999;

folaíonn "gníomh" breith, mainneachtain gníomhú agus faillí;

ciallaíonn "leanbh" duine faoi bhun 18 mbliana d'aois agus forléireofar "leanaí" dá réir sin;

tá le "státseirbhíseach" an bhrí a shanntar do "stát-sheirbhíseach" le hAcht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956;

folaíonn "feidhmeanna" cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairt do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairt d'fheidhmiú cumhachtaí agus do chomhall dualgas;

ciallaíonn "bord sláinte"—

(*a*) bord sláinte arna bhunú faoi alt 4 den Acht Sláinte, 1970,

(*b*) Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, nó

(*c*) Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt, Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir agus Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt;

ciallaíonn "údarás áitiúil" údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn "Aire" Aire Sláinte agus Leanaí;

forléireofar "comhlacht poiblí" de réir *Sceideal 1*;

ciallaíonn "scoil" scoil aitheanta de réir bhrí Acht 1998;

ciallaíonn "ospidéal saorálach"—

(*a*) ospidéal saorálach de réir bhrí Acht 1999, nó

(*b*) ospidéal saorálach a shonraítear i *Sceideal 2*.

(2) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, folaíonn tagairtí d'aon Roinn Stáit tagairtí don Aire Rialtais atá i bhfeighil na Roinne Stáit sin agus d'oifigigh an Aire Rialtais sin agus, i gcás go mbeidh agus fad a bheidh aon fheidhm d'fheidhmeanna an Aire Rialtais sin tarmligthe chuig Aire Stáit ag an Roinn Stáit sin, folaíonn siad tagairtí don Aire Stáit sin ag an Roinn Stáit sin.

(3) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, folaíonn tagairtí do chomhlacht poiblí (seachas Roinn Stáit)—

(*a*) maidir le gnó agus feidhmeanna an chomhlachta phoiblí, tagairtí don Roinn Stáit ina gcuimsítear aon cheann acu agus don Aire Rialtais atá i bhfeighil na Roinne Stáit sin, agus

(*b*) maidir le feidhmeanna i ndáil leis an gcomhlacht poiblí arna gcomhlíonadh ag Roinn Stáit, tagairtí don Roinn Stáit sin agus don Aire Rialtais atá i bhfeighil na Roinne sin,

agus d'oifigigh do na hAirí Rialtais sin agus do chomhaltaí, d'oifigigh agus d'fhoireann an chomhlachta phoiblí agus, i gcás go mbeidh agus fad a bheidh aon fheidhm de chuid feidhmeanna aon Aire de na hAirí Rialtais sin arna dtarmligean chuig Aire Stáit ag aon Roinn Stáit, don Aire Stáit sin ag an Roinn Stáit sin.

(4) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, folaíonn tagairtí do scoil tagairtí do bhord bainistíochta na scoile arna bhunú faoi alt 14 d'Acht 1998, do Phríomhoide (de réir bhrí alt 23 den Acht sin) na scoile, do na múinteoirí agus d'fhoireann eile na scoile.

(5) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, folaíonn tagairtí d'ospidéal saorálach tagairtí d'úinéir, do bhainisteoir nó do chomhlacht ceannais (i ngach cás cibé ainm a thabharfar air) an ospidéil agus d'oifigigh agus d'fhoireann an ospidéil.

(6) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt nó do Sceideal, is tagairt í d'alt den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(*c*) seachas in *ailt 14* go *16*, déanfar tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile (lena n-áirítear an tAcht seo).

Caiteachais.

3.—Déanfar aon chaiteachais a thabhófar ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

Ombudsman do Leanaí

Caibidil 1

Ceapadh, téarmaí agus coinníollacha oifige

Ceapadh agus téarma oifige.

4.—(1) Bunaítear oifig Ombudsman do Leanaí agus an tOmbudsman do Leanaí a ghairfear de shealbhóir na hoifige.

(2) Is é nó is í an tUachtarán a dhéanfaidh duine a cheapadh chun bheith ina Ombudsman nó ina hOmbudsman do Leanaí tar éis do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann rún a rith ag moladh an duine a cheapadh.

(3) Aon duine a cheapfar chun bheith ina Ombudsman do Leanaí nó ina hOmbudsman do Leanaí—

(*a*) féadfaidh an tUachtarán, ar iarraidh a fháil ón duine féin, é nó í a scaoileadh ó oifig,

(*b*) féadfaidh an tUachtarán é nó í a chur as oifig ach ní chuirfear as oifig é no í ach amháin i gcás—

(i) go mbeidh sé nó sí tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach,

(ii) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é no í,

(iii) go ndéanfaidh cúirt dlínse inniúla é nó í a chiontú ar díotáil agus pianbhreith príosúnachta a chur air nó uirthi,

(iv) gur mhainnigh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, feidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh ar feadh

tréimhse leanúnaí 3 mhí dar tosach tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh an lá a chuirfear as oifig é nó í, nó

(v) ar aon chúis shonraithe eile, gur chóir é nó í a chur as oifig,

agus ansin féin ach amháin tar éis do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann rún a rith á iarraidh é nó í a chur as oifig,

(*c*) éireoidh sé nó sí as an oifig ar chaoi ar bith ar 67 mbliana d'aois a bheith slánaithe aige nó aici.

(4) Faoi réir an ailt seo, aon duine a cheapfar chun bheith ina Ombudsman do Leanaí nó ina hOmbudsman do Leanaí, sealbhóidh sé nó sí oifig an Ombudsman do Leanaí ar feadh téarma 6 bliana agus ní fhéadfar é nó í a athcheapadh chun na oifige ach aon uair amháin eile don dara téarma.

(5) (*a*) Más rud é, i gcás duine a shealbhaíonn oifig an Ombudsman do Leanaí—

(i) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann nó go dtoghfar é nó í ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,

(ii) go ndéanfar é nó í a thoghadh chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa nó go measfar de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó i a bheith tofa chun na Parlaiminte sin, nó

(iii) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé nó sí air sin d'oifig an Ombudsman do Leanaí a shealbhú.

(*b*) Aon duine a bheidh de thuras na huaire—

(i) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe cheachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin,

(ii) ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(iii) i dteideal faoi bhuanorduithe údaráis áitiúil suí mar chomhalta den údarás sin,

beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh faoi *fhomhír (i)* nó *(iii)* nó ina ionadaí nó ina hionadaí den sórt sin faoi *fhomhír (ii)*, dícháilithe chun oifig an Ombudsman do Leanaí a shealbhú.

(6) Aon duine a shealbhaíonn oifig an Ombudsman do Leanaí ní shealbhóidh sé nó sí aon oifig nó fostaíocht eile a mbeidh díolaíochtaí iníoctha ina leith ná ní bheidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de na hÓglaigh Cúltaca.

Tuarastal, liúntais i leith caiteachas agus aoisliúntas.

5.—(1) Íocfar le sealbhóir oifig an Ombudsman do Leanaí cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) (*a*) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, agus cuirfidh sé nó sí i gcrích, de réir a téarmaí, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do dhaoine a shealbhaigh oifig an Ombudsman do Leanaí nó i leith na ndaoine sin.

(*b*) Socrófar, le scéim faoi *mhír (a),* na coinníollacha chun sochair aoisliúntais a íoc faoin scéim sin agus féadfar coinníollacha éagsúla a shocrú faoi threoir na n-imthosca éagsúla maidir leis an sealbhóir oifige áirithe lena mbaineann nó maidir lena chleithiúnaithe nó lena cleithiúnaithe an tráth a bheidh an cheist i dtaobh incháilitheachta le haghaidh na híocaíochta sin le breithniú, nó roimhe sin.

(*c*) Féadfaidh an tAire, aon tráth, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna a dhéanamh agus a chur i gcrích, de réir a téarmaí nó a dtéarmaí, lena leasófar nó lena gcúlghairfear scéim faoin bhfo-alt seo, lena n-áirítear scéim faoin mír seo.

(*d*) Ní dhéanfaidh an tAire aon sochar aoisliúntais a dheonú, ná ní dhéanfaidh an tAire aon socrú eile chun sochar den sórt sin a sholáthar do dhaoine nó i leith daoine a bhí i seilbh oifig an Ombudsman do Leanaí ach amháin i gcomhréir le scéim faoin bhfo-alt seo, nó má cheadaíonn an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, sochar den sórt sin a dheonú, de réir an cheadaithe sin.

(*e*) Aon díospóid a eascróidh maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéime faoin bhfo-alt seo, cuirfear í faoi bhráid an Aire agus déanfaidh an tAire an díospóid sin a tharchur chuig an Aire Airgeadais agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Aire Airgeadais.

(*f*) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(*g*) San fho-alt seo, ciallaíonn "sochair aoisliúntais" pinsin, aiscí nó liúntais eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás.

CAIBIDIL 2

Feidhmeanna a chomhlíonadh

Feidhmeanna a chomhlíonadh.

6.—(1) Beidh an tOmbudsman do Leanaí neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo.

(2) Beidh aird ag an Ombudsman do Leanaí, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi *ailt 8* agus *9*, ar bharr leasa an linbh lena mbaineann agus, a mhéid is indéanta, ag féachaint d'aois agus do thuiscint an linbh, tabharfaidh sé nó sí aird chuí ar a mhianta nó ar a mianta.

Caibidil 3

Cearta agus leas leanaí

Feidhm chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn.

7.—(1) Déanfaidh an tOmbudsman do Leanaí cearta agus leas leanaí a chur chun cinn agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, déanfaidh sé nó sí—

(*a*) comhairle a thabhairt don Aire nó d'aon Aire eile den Rialtas, de réir mar is cuí, maidir le forbairt agus comhordú beartais a bhaineann le leanaí,

(*b*) comhlachtaí poiblí, scoileanna agus ospidéil shaorálacha a spreagadh chun beartais, cleachtais agus nósanna imeachta atá ceaptha cearta agus leas leanaí a chur chun cinn a fhorbairt,

(*c*) faisnéis maidir le nithe a bhaineann le cearta agus leas leanaí a bhailiú agus a scaipeadh,

(*d*) feasacht a chur chun cinn i measc daoine den phobal (lena n-áirítear leanaí de cibé aois nó aoiseanna a mheasfaidh sé nó sí is cuí) ar nithe (lena n-áirítear prionsabail agus forálacha an Choinbhinsiúin) a bhaineann le cearta agus leas leanaí agus ar conas is féidir na cearta sin a fhorfheidhmiú,

(*e*) aird a dhíriú ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí is cás le leanaí,

(*f*) faisnéis a mhalartú agus comhoibriú le hOmbudsman do Leanaí (cibé ainm a thabharfar air nó uirthi) stát eile,

(*g*) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh i gcoitinne ar oibriú reachtaíochta i dtaca le nithe a bhaineann le cearta agus leas leanaí, agus

(*h*) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta seo agus, aon uair is dóigh leis nó lei gur gá é, uiríll a dhéanamh chuig an Aire nó i dtuarascáil faoi *alt 13(7)*, nó iad araon chun an tAcht seo a leasú.

(2) (*a*) Bunóidh an tOmbudsman do Leanaí struchtúir chun dul i gcomhairle ar bhonn rialta le grúpaí leanaí a mheasfaidh sé nó sí a bheith ionadaitheach do leanaí chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo.

(*b*) I gcomhchomhairliúcháin faoin bhfo-alt seo, tabharfar creidiúnacht chuí do thuairimí linbh i gcomhréir le haois agus tuiscint an linbh.

(3) Féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí taighde ar aon ní a bhaineann le cearta agus leas leanaí a ghabháil de láimh, a chur chun cinn nó a fhoilsiú.

(4) Féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, agus déanfaidh sé nó sí, ar iarraidh ón Aire nó ó aon Aire eile den Rialtas, comhairle a thabhairt don Aire den Rialtas lena mbaineann maidir le haon ní (lena n-áirítear an éifeacht is dóigh a bheidh ag cur i ngníomh aon tograí le haghaidh reachtaíochta ar leanaí) a bhaineann le cearta agus leas leanaí.

(5) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar gur leanaí daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois atá ina gcomhaltaí liostáilte d'Óglaigh na hÉireann in aon chás ina mbeidh siad faoin dlí míleata faoi na hAchtanna Cosanta, 1954 go 1998.

(6) San alt seo, ciallaíonn "an Coinbhinsiún" Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 20 Samhain 1989, arna leasú le haon phrótacal a ghabhann leis atá de thuras na huaire i bhfeidhm sa Stát.

CAIBIDIL 4

Gearáin in aghaidh comhlachtaí poiblí, scoileanna agus ospidéil shaorálacha

Feidhm chun scrúdú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh comhlachtaí poiblí.

8.—Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí aon ghníomh (is gníomh a rinneadh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin) a imscrúdú a rinne comhlacht poiblí nó a rinneadh thar a cheann i gcás gur dealraitheach don Ombudsman do Leanaí, tar éis dó nó di réamhscrúdú a dhéanamh ar an ní—

(*a*) go ndearna nó go mb'fhéidir go ndearna an gníomh dochar do leanbh, agus

(*b*) maidir leis an ngníomh—

(i) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh é gan údarás cuí,

(ii) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh é ar fhorais neamhábhartha,

(iii) gur neamart nó neamh-aire nó go mb'fhéidir gur neamart nó neamh-aire ba chúis leis,

(iv) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó easpach,

(v) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé idirdhealaitheach go míchuí,

(vi) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé bunaithe ar chleachtas riaracháin míchuibhiúil, nó

(vii) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé thairis sin contrártha do riaradh cóir nó fónta.

Feidhm chun scrúdú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh scoileanna agus ospidéil shaorálacha.

9.—(1) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí aon ghníomh (is gníomh a rinneadh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin) a imscrúdú—

(*a*) a rinne scoil nó a rinneadh thar ceann scoile i dtaca le comhlíonadh a feidhmeanna faoi alt 9 d'Acht 1998,

(*b*) a rinne ospidéal saorálach nó a rinneadh thar ceann ospidéil shaorálaigh de réir bhrí Acht 1999 i dtaca le hé do sholáthar seirbhísí (de réir bhrí an Achta sin) i gcomhréir le socrú a rinne sé faoi alt 10 den Acht sin le hÚdarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir nó le Bord Sláinte Limistéir, nó

(*c*) a rinne ospidéal saorálach nó a rinneadh thar ceann ospidéil shaorálaigh a shonraítear i *Sceideal 2* i dtaca le hé do sholáthar seirbhísí faoi na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2001, le haghaidh daoine a bhfuil teideal acu chun na seirbhísí sin i gcomhréir le socrú a rinne sé faoi alt 26 den Acht Sláinte, 1970, leis an mbord sláinte ar laistigh dá limistéar feidhme atá sé suite,

i gcás gur dealraitheach don Ombudsman do Leanaí, tar éis dó nó di réamhscrúdú a dhéanamh ar an ní—

(i) go ndearna nó go mb'fhéidir go ndearna an gníomh dochar do leanbh, agus

(ii) maidir leis an ngníomh—

(I) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh é gan údarás cuí,

(II) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh é ar fhorais neamhábhartha,

(III) gur neamart nó neamh-aire nó go mb'fhéidir gur neamart nó neamh-aire ba chúis leis,

(IV) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó easpach,

(V) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé idirdhealaitheach go míchuí,

(VI) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé bunaithe ar chleachtas riaracháin míchuibhiúil, nó

(VII) go raibh sé nó go mb'fhéidir go raibh sé thairis sin contrártha do riaradh cóir nó fónta.

(2) Ní fhéadfaidh an tOmbudsman do Leanaí gníomh a imscrúdú faoi *fho-alt (1)(a)* ach amháin i gcás go ndeachthas i muinín na nósanna imeachta a fhorordaítear de bhun alt 28 d'Acht 1998 agus go mbeidh siad spíonta i ndáil leis an ngníomh.

(3) Ní fholaíonn tagairtí d'ospidéal saorálach i *míreanna (b)* agus *(c) d'fho-alt (1)* tagairtí—

(*a*) do dhaoine, le linn dóibh gníomhú thar ceann an ospidéil shaorálaigh lena mbaineann agus (i dtuairim an Ombudsman do Leanaí) i dtaca le breith chliniciúil a fheidhmiú, agus i dtaca leis sin amháin, i ndáil le breoiteacht a fháthmheas nó aire a thabhairt d'othar nó othar a chóireáil, cibé acu an é an duine a dhéanann an gníomh nó aon duine eile a chinn an bhreith, nó

(*b*) don ospidéal saorálach lena mbaineann le linn dó gníomhú ar chomhairle ó dhaoine a bheidh ag gníomhú mar a

dúradh, ar ghníomhartha de chuid an ospidéil shaorálaigh iad a rinneadh, i dtuairim an Ombudsman do Leanaí, ar an gcomhairle sin amháin.

(4) San alt seo, ciallaíonn "Bord Sláinte Limistéir" Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt, Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir nó Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt.

Réamhscrúdú agus réamh-imscrúdú na ngearán.

10.—(1) (*a*) Ní dhéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí gníomh a imscrúdú faoi *alt 8* nó *9* mura rud é—

(i) go ndearna leanbh gearán leis nó lei nó go ndearnadh gearán leis nó lei thar ceann linbh i ndáil leis an ngníomh, nó

(ii) gur dealraitheach dó nó di, ag féachaint do na himthosca go léir, gur cheart an gníomh a imscrúdú faoin alt seo.

(*b*) Féadfaidh—

(i) tuismitheoir an linbh, nó

(ii) aon duine eile a measfaidh an tOmbudsman do Leanaí gur duine oiriúnach é nó í, mar gheall ar chaidreamh an duine sin (lena n-áirítear caidreamh gairmiúil) leis an leanbh agus a shuim nó a suim i gcearta agus leas an linbh, chun ionadaíocht a dhéanamh don leanbh,

gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí thar ceann linbh.

(*c*) Má dhéanann leanbh gearán leis an Ombudsman do Leanaí nó má dhéanann duine seachas tuismitheoir an linbh gearán thar ceann an linbh, cuirfidh an tOmbudsman do Leanaí an gearán in iúl do thuismitheoir an linbh sula ndéanfaidh sé nó sí an gearán a imscrúdú.

(*d*) San fho-alt seo, ciallaíonn "tuismitheoir", i ndáil le leanbh, máthair nó athair an linbh nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó lasmuigh den Stát, uchtaitheoir nó uchtaitheoir marthanach an linbh, tuismitheoir altrama an linbh, caomhnóir an linbh arna cheapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, nó duine eile a bheidh ag gníomhú *in loco parentis* don leanbh de bhun cumhachta reachtúla nó de bhun ordaithe ó chúirt.

(2) Féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí—

(*a*) tar éis dó nó di réamhscrúdú a dhéanamh ar an ní, breith a thabhairt gan imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo maidir le gníomh a mbeidh gearán déanta i ndáil leis, nó

(*b*) gan leanúint d'imscrúdú faoin Acht seo maidir le gníomh den sórt sin,

má thagann sé nó sí ar an tuairim—

(i) go bhfuil an gearán fánach nó cráiteach,

(ii) nach leor an leas sa ní atá ag an leanbh a dhéanann an gearán nó a ndéantar an gearán thar a cheann nó thar a ceann,

(iii) nár ghlac an leanbh a dhéanann an gearán nó a ndéantar an gearán thar a cheann nó thar a ceann bearta réasúnacha chun sásamh a lorg i leith ábhar an ghearáin, nó má ghlac, nár diúltaíodh sásamh dó nó di, nó

(iv) go bhfágann an t-imeacht aimsire ó tharla an ní is ábhar don ghearán go bhfuil sásamh éifeachtúil dodhéanta nó neamhphraiticiúil.

(3) Ní gá don Ombudsman do Leanaí gníomh faoin Acht seo a imscrúdú más é a thuairim nó a tuairim go ndearna, nó go ndéanfaidh, sé nó sí imscrúdú leordhóthanach, nó go bhfuil imscrúdú leordhóthanach á dhéanamh aige nó aici, ar an ábhar lena mbaineann in imscrúdú eile aige nó aici faoin Acht seo.

(4) Ní dhéanfaidh réamhscrúdú nó imscrúdú ag an Ombudsman do Leanaí difear do bhailíocht an ghnímh a scrúdófar nó a imscrúdófar ná d'aon chumhacht nó dualgas de chuid an duine a rinne an gníomh, gníomh eile a dhéanamh maidir le haon ábhair a bheidh á scrúdú nó á n-imscrúdú.

(5) Nuair a bheidh an tOmbudsman do Leanaí á chinneadh an dtionscnóidh sé nó sí imscrúdú, nó an leanfaidh sé nó sí nó nach leanfaidh sé nó sí d'imscrúdú, faoin Acht seo, gníomhóidh sé nó sí, faoi réir an Achta seo, de réir a bhreithiúnais nó a breithiúnais féin.

(6) Ní dhéanfar aon ní in *alt 8(a)* nó *alt 9(1)(i)* nó i *bhfo-alt (1)(a)* a fhorléiriú mar ní lena dtoirmisctear imscrúdú ag an Ombudsman do Leanaí—

(*a*) faoi ghníomh a rinne difear nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, i dtuairim an Ombudsman do Leanaí, d'aon leanbh seachas i gcáil oifigiúil, nó

(*b*) faoi ghníomh is ábhar do ghearán a rinne pearsa aonair leis nó lei ag gníomhú dó nó di i gcáil seachas cáil oifigiúil.

(7) (*a*) (i) Féadfaidh an Rialtas, tar éis dul i gcomhairle leis an Ombudsman do Leanaí, *Sceideal 1* a leasú le hordú agus beidh éifeacht leis an Sceideal sin de réir téarmaí aon orduithe faoin mír seo.

(ii) Nuair a bheartófar ordú a dhéanamh faoin mír seo, leagfar dréacht de faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(*b*) (i) Féadfaidh an tAire, *Sceideal 2* a leasú le hordú agus beidh éifeacht leis an Sceideal sin de réir téarmaí aon orduithe faoin mír seo.

(ii) Leagfar ordú a dhéanfar faoin mír seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin,

laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Eisiamh.

11.—(1) Ní imscrúdóidh an tOmbudsman do Leanaí aon ghníomh a rinne comhlacht poiblí, scoil nó ospidéal saorálach nó a rinneadh thar ceann comhlachta phoiblí, scoile nó ospidéil shaorálaigh—

(*a*) más rud é, i ndáil leis an ngníomh—

(i) go mbeidh imeachtaí dlíthiúla sibhialta tionscanta in aon chúirt thar ceann an linbh dá ndearna an gníomh difear agus nach mbeidh na himeachtaí dífe de bharr gan cúis chaingne nó gearán is inbhreithnithe ag an gcúirt sin a nochtadh cibé acu a bheidh na himeachtaí sin tugtha chun críche thairis sin nó nach mbeidh,

(ii) go mbeidh ag an leanbh dá ndearna an gníomh difear ceart, a thugtar le reacht nó faoi reacht (de réir bhrí alt 3 den Acht Léiriúcháin, 1937), achomhairc, tarchuir nó athbhreithnithe chun cúirte nó os comhair cúirte sa Stát (nach achomharc, tarchur ná athbhreithniú i ndáil le breith ó chúirt), nó

(iii) go mbeidh ag an leanbh dá ndearna an gníomh difear ceart achomhairc, tarchuir nó athbhreithnithe chuig duine nó os comhair duine, seachas comhlacht poiblí, nó, más cuí, chuig an scoil nó an ospidéal saorálach lena mbaineann nó os comhair na scoile nó an ospidéil shaorálaigh lena mbaineann,

(*b*) má bhaineann an gníomh le slándáil náisiúnta nó le gníomhaíocht mhíleata nó (i dtuairim an Ombudsman do Leanaí) le socruithe maidir le stáit nó rialtais a bheith páirteach in eagraíochtaí nó má dhéanann sé difear don chéanna,

(*c*) a bhaineann le hearcaíocht nó le ceapadh chun aon oifige nó fostaíochta i Roinn Stáit nó ag aon chomhlacht poiblí, scoil nó ospidéal saorálach eile,

(*d*) a bhaineann leis na téarmaí nó na coinníollacha nó a dhéanann difear do na téarmaí nó do na coinníollacha—

(i) ar fúthu agus faoina réir—

(I) a shealbhaíonn duine aon oifig, nó

(II) a bheidh duine fostaithe i Roinn Stáit nó ag aon chomhlacht poiblí, scoil nó ospidéal saorálach eile,

(ii) i gconradh le haghaidh seirbhísí,

(lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha ar fúthu agus faoina réir is iníoctha pinsin, aiscí nó sochair aoisliúntais eile leis an duine nó ina leith nó faoin gconradh),

(*e*) más gníomh é—

(i) a rinneadh i riaradh an dlí a bhaineann le tearmann, le hinimirce, le headóirseacht nó le saoránacht,

(ii) lena mbaineann ceart nó cumhacht dá dtagraítear in Airteagal 13.6 den Bhunreacht a fheidhmiú nó aon fhorghéilleadh nó dícháiliú a loghadh a d'fhorchuir Cúirt ag feidhmiú dlínse choiriúil di, nó

(iii) a rinneadh i riaradh príosún nó áiteanna eile chun leanaí a choimeád nó a choinneáil, ar leanaí iad a chimigh na Cúirteanna chun a gcoimeádta nó chun a gcoinneála, seachas scoileanna ceartúcháin nó scoileanna saothair a dheimhnítear faoi Chuid IV den *Children Act*, 1908,

(*f*) má bhaineann an gníomh le torthaí scrúdaithe (de réir bhrí alt 49 d'Acht 1998),

(*g*) (i) i gcás go ndéanfar gearán leis an Ombudsman do Leanaí i ndáil leis an ngníomh, mura ndearnadh an gearán sula raibh dhá bhliain caite ó thráth an ghnímh nó ón tráth a tháinig an gníomh ar iúl an linbh a rinne an gearán nó ar thar a cheann nó thar a ceann a rinneadh an gearán, cibé acu is déanaí,

(ii) in aon chás eile, mura mbeidh tús curtha leis an imscrúdú sula mbeidh dhá bhliain caite ó thráth an ghnímh, nó

(*h*) (i) más roimh thosach feidhme an Achta seo a rinneadh an gníomh, agus

(ii) mura gníomh é a fhéadfaidh a bheith ina ábhar gearáin leis an Ombudsman faoi Acht 1980.

(2) (*a*) Scoirfidh *fo-alt (1)(e)(iii)* d'éifeacht a bheith leis ar an dáta sin agus dá éis a shonrófar in ordú a dhéanfaidh an tAire le toiliú an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

(*b*) Aon ordú a dhéanfar faoin bhfo-alt seo leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(3) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí imscrúdú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—

(*a*) gníomh lena mbaineann *mír (a)* den fho-alt sin, más dealraitheach dó nó di gur cuí sin a dhéanamh de bharr imthosca speisialta,

(*b*) gníomh a bheadh ina shárú ar *mhír (g)* den fho-alt sin, más dealraitheach dó nó di gur cuí sin a dhéanamh de bharr imthosca speisialta, nó

(*c*) inárachaíocht agus teidlíocht chun sochair faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

(4) I gcás go n-iarrfaidh Aire Rialtais i scríbhinn é (agus go gcuirfidh sé ráiteas i scríbhinn i gceangal leis an iarraidh ag leagan amach go hiomlán cé na cúiseanna atá leis an iarraidh), ní imscrúdóidh an tOmbudsman do Leanaí gníomh, nó scoirfidh sé de ghníomh a imscrúdú, a shonrófar san iarraidh, ar gníomh é—

(*a*) a rinne Roinn Stáit a bhfuil a feidhmeanna sannta chun an Aire Rialtais sin, nó

(*b*) a rinne comhlacht poiblí (seachas Roinn Stáit) a bhfuil a ghnó agus a fheidhmeanna cuimsithe i Roinn Stáit den sórt sin nó a gcomhlíonann an Roinn Stáit sin feidhmeanna i ndáil leis,

(cibé acu atá nó nach bhfuil feidhmeanna uile nó aon chuid d'fheidhmeanna an Aire Rialtais sin tarmligthe chun Aire Stáit ag an Roinn Stáit sin).

Leasú ar alt 5 d'Acht 1980.

12.—(1) Leasaítear leis seo alt 5(1) d'Acht 1980—

(*a*) trí "nó" i ndiaidh mhír *(f)* a scriosadh,

(*b*) trí "a rinneadh an gníomh, nó" a chur in ionad "a rinneadh an gníomh;" i mír (*g*), agus

(*c*) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*g*):

"(gg) más gníomh é lena mbaineann *alt 8* den *Acht um Ombudsman do Leanaí*, 2002, ar gníomh é a d'fhéadfadh an tOmbudsman a imscrúdú thairis sin faoin Acht seo;".

(2) D'ainneoin an leasaithe a dhéantar le *fo-alt (1)*, aon ní a bheidh tosaithe ag an tOmbudsman ach nach mbeidh tugtha chun críche aige nó aici faoi Acht 1980 roimh thosach feidhme an ailt seo, féadfaidh sé nó sí é a sheoladh agus a thabhairt chun críche tar éis an tosach feidhme sin amhail is nár achtaíodh an t-alt seo.

CAIBIDIL 5

Scrúdú agus imscrúdú na ngearán

Tuarascálacha, etc.

13.—(1) In aon chás ina ndéanfar gearán leis an Ombudsman do Leanaí i ndáil le gníomh agus ina dtabharfaidh sé nó sí breith gan imscrúdú dhéanamh faoin Acht seo maidir leis an ngníomh nó gan leanúint d'imscrúdú den sórt sin, cuirfidh sé nó sí chuig an leanbh a rinne an gearán nó chuig an duine a rinne an gearán thar ceann an linbh—

(*a*) ráiteas i scríbhinn i dtaobh na gcúiseanna a bhí aige nó aici leis an mbreith, agus

(*b*) más tar éis don Ombudsman do Leanaí iarraidh a fháil faoi *fho-alt 11(4)* den Acht seo a tugadh an bheith, cóip den iarraidh agus den ráiteas i scríbhinn i dtaobh na gcúiseanna a bhí leis an iarraidh i gceangal leis an iarraidh,

agus cuirfidh sé nó sí chuig cibé duine eile (más ann) is cuí leis nó lei cibé ráiteas i scríbhinn is cuí leis nó lei i ndáil leis an ní.

(2) In aon chás ina seolfaidh an tOmbudsman imscrúdú faoin Acht seo, cuirfidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn faoi thorthaí an imscrúdaithe—

(*a*) chuig an gcomhlacht poiblí, chuig an scoil nó chuig an ospidéal lena mbaineann,

(*b*) (i) chuig an Roinn Stáit ina gcuimsítear gnó agus feidhmeanna aon chomhlachta phoiblí (seachas Roinn Stáit), nó a chomhlíonann feidhmeanna i ndáil le haon chomhlacht poiblí (seachas Roinn Stáit) a gcuirtear ráiteas chuige faoi *mhír (a)*,

(ii) i gcás go mbaineann an t-imscrúdú le gníomh a rinne scoil nó a rinneadh thar ceann scoile, chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, nó

(iii) i gcás go mbaineann an t-imscrúdú le gníomh a rinne ospidéal saorálach nó a rinneadh thar ceann ospidéil shaorálaigh, chuig an mbord sláinte (seachas Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, más cuí) ar laistigh dá limistéar feidhme atá an t-ospidéal saorálach suite,

(*c*) chuig aon duine eile a rinne nó a d'údaraigh an gníomh nó, i gcás go ndearnadh gearán leis an Ombudsman do Leanaí i ndáil leis an ngníomh is ábhar don imscrúdú, a líomhnaítear sa ghearán a rinne nó a d'údaraigh an gníomh, agus

(*d*) chuig aon duine eile a measfaidh sé nó sí gur cuí an ráiteas a chur chuige nó chuici.

(3) I gcás gur dealraitheach don Ombudsman do Leanaí, tar éis gníomh a imscrúdú faoin Acht seo, go ndearna an gníomh dochar do leanbh agus go raibh sé faoi réim *mhír (b) d'alt 8* nó faoi réim *mhír (ii) d'alt 9(1)*, de réir mar a bheidh, féadfaidh sé nó sí a mholadh don chomhlacht poiblí, don scoil nó don ospidéal saorálach lena mbaineann—

(*a*) go ndéanfar an ní ar i ndáil leis a rinneadh an gníomh a bhreithniú tuilleadh,

(*b*) go ndéanfar bearta nó bearta sonraithe chun an dochar a rinne an gníomh a leigheas, a mhaolú nó a athrú, nó

(*c*) go ndéanfar na cúiseanna ar a ndearnadh an gníomh a thabhairt don Ombudsman do Leanaí,

agus féadfaidh an tOmbudsman, más cuí leis nó lei sin a dhéanamh, a iarraidh ar an gcomhlacht poiblí, ar an scoil nó ar an ospidéal saorálach lena mbaineann freagra ar an moladh a chur in iúl dó nó di laistigh d'am sonraithe.

(4) I gcás go ndéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí gníomh is ábhar do ghearán a rinneadh leis nó lei a imscrúdú faoin Acht seo, tabharfaidh sé nó sí fógra don leanbh a rinne an gearán, nó don duine a rinne an gearán thar ceann an linbh, á rá cén toradh a bhí ar an imscrúdú, cén moladh a rinne sé nó sí (má rinne) faoi *fho-alt (3)* i ndáil leis an ní agus cén freagra a thug (má thug) an comhlacht

poiblí, an scoil nó an t-ospidéal saorálach dár tugadh an moladh ar an gcéanna.

(5) I gcás gur dealraitheach don Ombudsman do Leanaí nach bhfuil na bearta a rinneadh nó a beartaíodh a dhéanamh de bharr moladh faoi *fho-alt (3)* sásúil, féadfaidh sé nó sí, más cuí leis nó lei é, a chur faoi deara go ndéanfar tuarascáil speisialta ar an gcás a áireamh i dtuarascáil faoi *fho-alt (7)*.

(6) Ní dhéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí cinneadh ná lochtú a bheidh dochrach do dhuine i ráiteas faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, ná i moladh ná i dtuarascáil faoi *fho-alt (3)* nó *(5)*, gan deis a thabhairt don duine an cinneadh nó an lochtú a mheas agus uiríolla a dhéanamh chuige nó chuici i ndáil leis an gcéanna.

(7) Cuirfidh an tOmbudsman do Leanaí faoi deara go ndéanfar tuarascáil i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a leagan in aghaidh na bliana faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus féadfaidh sé nó sí ó am go ham a chur faoi deara go gcuirfear faoi bhráid gach Tí acu sin cibé tuarascálacha eile is cuí leis nó lei maidir leis na feidhmeanna sin. Cuirfear i dtuarascáil faoin alt seo téarmaí iarrata faoi *alt 11(4)* den Acht seo agus an ráitis i scríbhinn i dtaobh na gcúiseanna a bhí leis an iarraidh i gceangal leis an iarraidh.

(8) Chun críocha an dlí a bhaineann le clúmhilleadh, beidh aon fhoilsiú den sórt a luaitear anseo ina dhiaidh seo faoi phribhléid go hiomlán, is é sin le rá—

(*a*) an tOmbudsman do Leanaí d'fhoilsiú aon ní le linn tuarascáil a tabhairt do cheachtar Teach den Oireachtas chun críche an Achta seo,

(*b*) foilsiú mar a leanas ag an Ombudsman do Leanaí—

(i) ráiteas a fhoilsiú chuig duine a luaitear i *bhfo-alt (1)* is ráiteas a cuireadh chuig an duine sin de bhun an fho-ailt sin,

(ii) ráiteas a fhoilsiú chuig duine a luaitear i *bhfo-alt (2)* is ráiteas a cuireadh chuig an duine sin de bhun an fho-ailt sin,

(iii) moladh a fhoilsiú chuig duine a luaitear i *bhfo-alt (3)* is moladh a thug an tOmbudsman do Leanaí don duine sin de bhun an fho-ailt sin,

(iv) fógra a fhoilsiú chuig duine a luaitear i *bhfo-alt (4)* is fógra a tugadh don duine sin de bhun an fho-ailt sin.

Cumhachtaí i leith réamhscrúduithe agus réamh-imscrúduithe.

14.—Beidh ag an Ombudsman do Leanaí, maidir le réamhscrúduithe, nó imscrúduithe, a dhéanfaidh sé nó sí faoin Acht seo i ndáil le haon ghníomh a dhéanfaidh comhlacht poiblí, scoil nó ospidéal saorálach nó i ndáil le haon ghníomh a dhéanfar thar ceann an chéanna, cumhachtaí uile an Ombudsman faoi alt 7 d'Acht 1980 maidir le réamhscrúduithe, nó imscrúduithe, a dhéanfaidh sé nó sí faoin Acht sin agus beidh feidhm ag an alt sin maidir leis na scrúduithe, nó na himscrúduithe sin, faoin Acht seo mar atá feidhm aige maidir leis na scrúduithe, nó na himscrúduithe sin, faoin Acht sin fara na modhnuithe seo a leanas—

(*a*) déanfar an tagairt i bhfo-alt (5) den alt sin don Aire a fhorléiriú mar thagairt don Aire Sláinte agus Leanaí, le toiliú an Aire Airgeadais,

(*a*) déanfar an tagairt i bhfo-alt (7) san alt sin d'alt 4(7) den Acht sin a fhorléiriú mar thagairt *d'alt 10(4),*

agus fara aon mhodhnuithe eile is gá.

Imscrúduithe a sheoladh.

15.—Beidh feidhm ag alt 8 d'Acht 1980 maidir leis an Ombudsman do Leanaí do sheoladh imscrúduithe a dhéanfaidh sé nó sí faoin Acht seo mar atá feidhm aige maidir leis an Ombudsman do sheoladh imscrúduithe a dhéanfaidh sé nó sí faoin Acht sin fara an modhnú go ndéanfar an tagairt i bhfo-alt (2)*(a)* den alt sin d'aon Roinn Stáit, nó d'aon duine eile a shonraítear i gCuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, lena mbaineann, a fhorléiriú mar thagairt d'aon chomhlacht poiblí, scoil nó ospidéal saorálach lena mbaineann, agus fara aon mhodhnuithe eile is gá.

Eolas a bheith faoi rún.

16.—Beidh feidhm ag alt 9 d'Acht 1980 maidir le faisnéis, doiciméid nó nithe a gheobhaidh an tOmbudsman do Leanaí nó comhaltaí dá fhoireann nó dá foireann faoin Acht seo mar atá feidhm aige maidir le faisnéis, le doiciméid nó le nithe a gheobhaidh an tOmbudsman nó a oifigí nó a hoifigí faoin Acht seo fara aon mhodhnuithe is gá.

Caibidil 6

Ilghnéitheach

Cuntais agus iniúchtaí.

17.—(1) Coimeádfaidh an tOmbudsman do Leanaí i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó sí nó a chaithfidh sé nó sí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe agus go háirithe, coimeádfaidh sé nó sí na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire ó am go ham.

(2) Déanfaidh an tOmbudsman do Leanaí, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad, cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip den chuntas ioncaim agus caiteachais, den chlár comhardaithe agus d'aon chuntais eile (más ann) arna gcoimeád de bhun an ailt seo agus a ordóidh an tAire, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Freastal os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.

18.—(1) Déanfaidh an tOmbudsman do Leanaí, aon uair a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann a bheidh bunaithe faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna, air nó uirthi déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a cheanglaítear a thaifeadadh, in aon leabhar nó taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear ar an Ombudsman do Leanaí a ullmhú faoin Acht seo,

(*b*) barainneacht agus éifeachtúlacht an Ombudsman do Leanaí i dtaca le húsáid acmhainní,

(*c*) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tOmbudsman do Leanaí chun éifeachtacht oibriú oifig an Ombudsman do Leanaí a mheas, agus

(*d*) aon ní a dhéanann difear don Ombudsman do Leanaí agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)* a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) Ní dhéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí, le linn a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh faoin alt seo, ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh thuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh thuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin.

Freastal os comhair coistí eile de Thithe an Oireachtais.

19.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, freastalóidh an tOmbudsman do Leanaí os comhair coiste, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gcoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta oifig an Ombudsman do Leanaí, de réir mar a cheanglóidh an coiste.

(2) Ní cheanglófar ar an Ombudsman do Leanaí cuntas a thabhairt do choiste ar aon ní—

(*a*) a bhaineann le gearán aonair, agus leis sin amháin, a rinneadh leis nó lei faoin Acht seo i ndáil le gníomh, nó

(*b*) atá, a bhí nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát.

(3) Más é tuairim an Ombudsman do Leanaí gur ní lena mbaineann *fo-alt (2)* aon ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina leith os comhair coiste, cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don choiste mar aon leis na cúiseanna atá leis agus, mura dtabharfar an fhaisnéis don choiste tráth a mbeidh an tOmbudsman do Leanaí os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.

(4) I gcás go mbeidh an tOmbudsman do Leanaí tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl do choiste de réir *fho-alt (3)* agus nach dtarraingeoidh an coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a mhéid a bhainfidh sí le ní is ábhar don tuairim sin—

(*a*) féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don choiste an bhreith uaidh gan déanamh amhlaidh a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair ar chinneadh i dtaobh an ní é an ní lena mbaineann *fo-alt (2)*, nó

(*b*) féadfaidh cathaoirleach an choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an choiste,

agus féadfaidh an Ard-Chúirt an ní a chinneadh.

(5) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (4)*, ní fhreastalóidh an tOmbudsman do Leanaí os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(6) Má chinneann an Ard-Chúirt gur ní é an ní lena mbaineann *fo-alt (2)*, tarraingeoidh an coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i ndáil leis an ní, ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, freastalóidh an tOmbudsman do Leanaí os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

(7) San alt seo, ciallaíonn "coiste" coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, seachas

(*a*) an Coiste dá dtagraítear in *alt 18*,

(*b*) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann, nó

(*c*) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann,

nó fochoiste de chuid coiste den sórt sin.

Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

20.—Leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997—

(*a*) in alt 2(1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*j*) sa mhíniú ar "ceann comhlachta phoiblí":

"(jj) i ndáil le hoifig an Ombudsman do Leanaí, an tOmbudsman do Leanaí,",

(*b*) in alt 46(1)(*c*)—

(i) trí "nó" i ndeireadh fhomhír (ii) a scriosadh agus na fomhíreanna seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

"(iii) scrúdú nó imscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman faoin Acht Ombudsman, 1980, nó

(iv) scrúdú nó imscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman do Leanaí faoin *Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002*,",

(ii) i gclásal (II), trí ", Oifig an Ombudsman nó oifig an Ombudsman do Leanaí" a chur in ionad "nó Oifig an Ombudsman",

agus

(*c*) i mír 1(5) den Chéad Sceideal, trí "oifig an Ombudsman do Leanaí" a chur isteach.

Foireann.

21.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an tAire a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Ombudsman do Leanaí.

(2) Beidh aon chomhalta d'fhoireann an Ombudsman do Leanaí ina státseirbhíseach i Státseirbhís an Stáit.

(3) Féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí aon fheidhmeanna dá chuid nó dá cuid faoin Acht seo a tharmligean chuig aon chomhalta dá fhoireann nó dá foireann ach amháin na feidhmeanna sin a thugtar le *fo-ailt (5)* agus *(7) d'alt 13*, *alt 18* nó leis an alt seo.

(4) Féadfaidh an tAire na cumhachtaí is infheidhmithe aige nó aici faoi Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956, agus faoi Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996, a tharmligean chuig an Ombudsman do Leanaí mar an t-údarás cuí i ndáil le comhaltaí d'fhoireann an Ombudsman do Leanaí, agus, má dhéanann sé nó sí amhlaidh, ansin, fad a fhanfaidh an tarmligean i bhfeidhm—

(*a*) beidh na cumhachtaí sin, in ionad a bheidh infheidhmithe ag an Aire, infheidhmithe ag an Ombudsman do Leanaí, agus

(*b*) is é nó í an tOmbudsman do Leanaí, in ionad an Aire, an t-údarás cuí chun críocha an Achta seo i ndáil le comhaltaí d'fhoireann an Ombudsman do Leanaí.

SCEIDEAL 1

Alt 2.

COMHLACHTAÍ POIBLÍ ATÁ FAOI RÉIR A nIMSCRÚDAITHE

CUID I

Faoi réir *Chuid 2* den Sceideal seo, is comhlacht poiblí chun críocha an Achta seo gach ceann acu seo a leanas:

(1) An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe;

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán;

An Roinn Cosanta;

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta;

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil;

An Roinn Airgeadais;

An Roinn Gnóthaí Eachtracha;

An Roinn Sláinte agus Leanaí;

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha;

An Roinn Fiontar Poiblí;

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh;

Roinn an Taoisigh;

An Roinn Turasóireachta, Spóirt agus Áineasa;

(2) An Bord Bia;

An Bord Glas;

An Post;

An Phríomh-Oifig Staidrimh;

Coimisinéirí na Státseirbhíse;

An Coimisinéir Luachála agus an Príomh-Shuirbhéir Teorann;

Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn;

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí;

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil;

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann;

An Chomhairle Oidhreachta;

Comhairle Spóirt na hÉireann;

Clárlann na Talún;

An tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde;

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;

Ard-Mhúsaem na hÉireann;

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch;

Clárlann na nGníomhas;

Na Coimisinéirí Ioncaim;

An tSaotharlann Stáit;

(3) údarás áitiúil;

(4) bord sláinte.

CUID 2

Ní fholaíonn an tagairt i *gCuid 1* den Sceideal seo don Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán tagairt don Choimisiún um Ghearáin Chraolacháin.

Ní fholaíonn tagairt sa *Chuid* sin *I* don Roinn Cosanta tagairt dóibh seo a leanas—

Bord na nArm-Phinsean;

Óglaigh na hÉireann.

Ní fholaíonn an tagairt sa *Chuid* sin *I* don Roinn Oideachais agus Eolaíochta tagairt dóibh seo a leanas—

coiste achomhairc de réir bhrí alt 29 d'Acht 1998;

duine nó comhlacht daoine a ceapadh faoi alt 51(2) d'Acht 1998.

Ní fholaíonn an tagairt sa *Chuid* sin *I* don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tagairt dóibh seo a leanas—

An Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí;

An Binse Achomhairc Fostaíochta;

An Chúirt Oibreachais;

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais;

Coimisinéirí um Chearta.

Ní fholaíonn an tagairt sa *Chuid* sin *I* don Roinn Sláinte agus Leanaí tagairt dó seo a leanas—

An Bord Uchtála.

Ní fholaíonn an tagairt sa *Chuid* sin *I* don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tagairt dóibh seo a leanas—

Cúirteanna agus oifigigh chúirte (ar leith uathu siúd a aistríodh chuig an tSeirbhís Chúirteanna) atá luaite sna hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 1999, nó in Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961;

An Coimisinéir Cosanta Sonraí agus a fhoireann nó a foireann;

An Stiúrthóir Imscrúduithe Comhionannais agus a fhoireann nó a foireann;

An tÚdarás Comhionannais;

An Garda Síochána;

An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána;

binse arna cheapadh faoi alt 8 d'Acht an Gharda Síochána (Gearáin), 1986.

Ní fholaíonn an tagairt sa *Chuid* sin *I* do bhord sláinte tagairt dó seo a leanas—

údarás áitiúil le linn dó feidhmeanna forchoimeádta a chomhlíonadh de réir bhrí na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1994, nó feidhmeanna forchoimeádta de réir bhrí aon cheann de na hAchtanna a bhaineann le bainistiú contaebhuirge.

Ní fholaíonn an tagairt sa *Chuid* sin *I* do bhord sláinte tagairt dóibh seo a leanas—

(*a*) daoine le linn dóibh gníomhú thar ceann an bhoird sláinte agus (i dtuairim an Ombudsman do Leanaí) le linn breith chliniciúil a fheidhmiú i ndáil le breoiteacht a fháthmheas nó aire a thabhairt d'othar nó othar a chóireáil, agus chuige sin amháin, cibé acu an é an duine a dhéanann an gníomh nó aon duine eile a chinn an bhreith, nó

(*b*) bord sláinte le linn dó gníomhú ar chomhairle ó dhaoine a bheidh ag gníomhú mar a dúradh, ar gníomhartha de chuid an bhoird sláinte iad a rinneadh, i dtuairim an Ombudsman do Leanaí, ar an gcomhairle sin amháin.

Ní fholaíonn an tagairt sa *Chuid* sin *I* do na Coimisinéirí Ioncaim tagairt—

do na Coimisinéirí Achomhairc chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim nó chun críocha a bhfoirne.

SCEIDEAL 2

Alt 9(1)(c).

OSPIDÉIL SHAORÁLACHA

Ospidéal na Trócaire, Plás Ghrianbhaile, Corcaigh.

An Otharlann Theas-Ospidéal *Victoria* Teoranta, Seanbhóthar na Dúcharraige, Corcaigh.

Ospidéal Naomh Eoin, Cearnóg Naomh Eoin, Luimneach.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€3.81

Wt. _. 22. 11/19. Essentra. (80940). Gr.30-15.

ISBN 978-1-4468-6604-7
9 781446 866047